M.23T

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

## TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.50

## TREORACHA DO NA hIARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile ó 2 go 18 leagtha amach i **gCEITHRE** roinn mar atá Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Ní mór **Cúig cheist** a fhreagairt **ach ní cheadaítear níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as aon roinn ar bith. Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin as Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [Ceisteanna 14 - 18];
- Trí cheist eile as ceisteanna 2 – 18;

  Maidir le roghnú na gceisteanna 2 - 18, ní mór an treoir thuas a chomhlíonadh agus **gan níos mó ná dhá cheist a fhreagairt as roinn ar bith**.

**DEIMHNIGH, LE DO THOIL, GO BHFUIL LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

**TÁ AN CHEIST SEO ÉIGEANTACH**

**CEIST 1. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan scrúdú ar an Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1:50,000 mar aon leis an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**(i)** Déan sracléarscáil den cheantar léirithe sa Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis. Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas ar an sracléarscáil:

- Abhainn ainmnithe
- Galfchúrsa
- Líne tharchuir leictreachais
- Teorainn chontae
- An ceantar dlúthchónaithe i mBaile Átha Fhirdhia
- Bealach náisiúnta den dara grád. **(30 marc)**

**[Nóta: Ná bíodh rianchóip den léarscáil mar shracléarscáil agat].**

**(ii)** Agus an Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis amháin agat mar fhianaise, luaigh **TRÍ** chúis gur tharla forás Bhaile Átha Fhirdhia ag an ionad seo. **(30 marc)**

**(iii)** "Tá stair fhada lonnaíochta ag an gceantar a léirítear ar an léarscáil." Roghnaigh **TRÍ** chineál eolais ar an léarscáil a thacaíonn leis an ráiteas sin. **(20 marc)**

**TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**Ceisteanna 2 - 5**

**CEIST 2. TÍRGHNEÍTHE OIGHREACHA**

Gleann crochta, Coire (Cirque), Gleann oighrithe, Droimnín, Eiscir agus Sprémhá.

**(i)** Roghnaigh **TRÍ** cinn de na gnéithe oighreacha thuas, agus mínigh le cúnamh léaraidí, conas mar a cruthaíodh gach ceann acu. **(60 marc)**

**(ii)** Luaigh **DHÁ** chúis go dtaitníonn tírdhreacha oighrithe go mór le turasóirí. **(20 marc)**

**CEIST 3. AIBHNEACHA**

**(i)** Ainmnigh **DHÁ** ghné a chruthaítear de thoradh chreimeadh abhann, agus **DHÁ** ghné a chruthaítear de thoradh shil-leagan abhann. **(20 marc)**

**(ii)** Le cúnamh léaráide nó léaráidí, mínigh cén chaoi ar cruthaíodh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe a d'ainmnigh tú i gcuid (i). **(60 marc)**

**CEIST 4.** **AN FHARRAIGE**

**(i)** Staic mhara, Stua mara, Pluais mhara, Poll séideáin agus Trá.

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe thuas agus maidir le gach ceann **AR LEITH** díobh:

- Le cúnamh léaráide, déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi ar cruthaíodh é. **(60 marc)**

**(ii)** Tá an fharraige ag creimeadh an chósta i mórán áiteanna.

Mínigh **DHÁ** bhealach ar bith chun maolú ar an gcreimeadh seo. **(20 marc)**

**CEIST 5.** **AN DOMHAN FISICEACH**

Tabhair míniú beacht ar **DHÁ** cheann ar bith de na ráitis seo:

**(i)** Tá cuid mhór úsáidí eacnamaíocha ag carraigeacha. **(40 marc)**

**(ii)** Bíonn cuid mhór gairmeacha beatha ag brath ar réamhaisnéis chruinn ar an aimsir. **(40 marc)**

**(iii)** Is fadhb mhór leanúnach í an creimeadh ithreach i gcuid mhór áiteanna ar domhan. **(40 marc)**

**(iv)** Ainmnigh agus déan cur síos achomair ar chúis **AMHÁIN** go dtarlaíonn creathanna talún agus ar **DHÁ** thoradh a bhíonn orthu. **(40 marc)**

**Ceisteanna 6 - 9**

## CEIST 6. AERFHÓTAGRAF

Tarraing sracléarscáil (ní rianchóip) den cheantar de Bhaile Átha Fhirdhia atá léirithe san fhótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**(i)** Ainmnigh agus taispeáin ar an sracléarscáil:

- Séipéal agus reilig
- Forbairt tithíochta nua-aimseartha
- Clós stórála adhmaid
- Ceantar úsáid talún don talmhaíocht
- An príomhcheantar siopadóireachta

**(30 marc)**


**(ii)** Sainaithin agus ainmnigh **TRÍ** fheidhm bhaile i mBaile Átha Fhirdhia. Tabhair fianaise ón léarscáil agus ón bhfótagraf mar thaca le do fhreagra.

**(30 marc)**

**(iii)** Mol ionad oiriúnach d'ollmhargadh sa cheantar atá léirithe san fhótagraf. Luaigh an t-ionad, ag tagairt do réamhionad, do chúlionad etc. agus mínigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis, agus fianaise agat ón bhfótgraf amháin.

**(20 marc)**

## CEIST 7. FIACHAS EACHTRACH




Foinse - Trócaire: "Ag Gníomhú ar Fhiachas".

**(i)** "Gach aon bhliain íocann na Tíortha i mBéal Forbartha níos mó leis an Domhan Forbartha in aisíocaíochtaí fiachas ná mar a fhaigheann siad i bhfoirm deontas".

Mínigh **DHÁ** éifeacht a bhíonn ag an bhfiachas seo ar thíortha sa Domhan i mBéal Forbartha.

**(40 marc)**

**(ii)** Cad iad na beartais is féidir leis an Domhan Forbartha a thionscnamh chun na haisíocaíochtaí fiachas ón Domhan i mBéal Forbartha a ísliú?

**(40 marc)**

**CEIST 8.** **STAIDÉAR AR DHAONRA**

**(i)** In olcas a théann fadhbanna áirithe de thoradh dhlús ard daonra i gcathracha agus i mbailte móra; seo thíos cuid díobh ar liosta:

- Róphlódú
- Plódú tráchta
- Droch-chúinsí sláinte
- Truailliú
- Dífhostaíocht

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na fadhbanna thuas agus tabhair míniú orthu agus tú ag tagairt do chathair nó do bhaile mór **AMHÁIN** a ndearna tú staidéar air.

**(60 marc)**

**(ii)** Tá sé ar intinn ag Rialtas na hÉireann cuid de na Ranna Rialtais a bhogadh amach as Baile Átha Cliath go dtí áiteanna eile faoin tír. Mínigh **DHÁ** éifeacht a bheidh aige sin

- Ar Bhaile Átha Cliath
- Ar chodanna eile den tír **(20 marc)**

**CEIST 9.** **SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA**

Mínigh **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas go beacht:

**(i)** Bíonn na teaghlaigh níos mó sa Domhan atá i mBéal Forbartha de ghnáth. **(40 marc)**

**(ii)** Fadhb an-mhór ag tíortha na hAfraice is ea cogaí cathartha. **(40 marc)**

**(iii)** Fadhb atá ag éirí tromchúiseach de réir a chéile i gcathracha áirithe is ea easpa talún don fhorbairt tithíochta.
**(40 marc)**


**(iv)** Ceist mhór i móran áiteanna in Éirinn faoi láthair is ea ganntanas oibrithe. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

**Ceisteanna 10 - 13**

**CEIST 10.** **FUINNEAMH**

**Grianchumhacht** **Cumhacht hidrileictreach** **Tonnchumhacht** **Gaothchumhacht**



**(i)** Tabhair míniú agus déan cur síos ar **THRÍ** chineál cumhachta in-athnuaite ar bith a luaitear thuas.
**(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** mhodh ina bhféadfadh daoine fuinneamh a chaomhnú sa bhaile. **(20 marc)**

**CEIST 11.** **TALMHAÍOCHT**

**(i)** Córas is ea an talmhaíocht le **hIONCHUIR, PRÓISIS** agus **ASCHUIR**.

Mínigh an córas seo maidir leis an talmhaíocht i dtír ar bith a ndearna tú staidéar uirthi. **(60 marc)**

**(ii)** Cén fáth go bhfuil oiread feirmeoirí sa **Domhan Forbartha** ag tréigean na talmhaíochta? **(20 marc)**

**CEIST 12.** **SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

Mínigh **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas go beacht:

**(i)** Leanann iarmhairtí eacnamaíocha srianadh an truaillithe. **(40 marc)**

**(ii)** Ceannródaí domhanda is ea Éire i ndéantúsaíocht ríomhairí. **(40 marc)**

**(iii)** Ábhar mór imní i gceantair cathrach faoi láthair is ea an soláthar don chóras iompair poiblí. **(40 marc)**

**(iv)** Ábhar imní atá ag méadú ar fud na cruinne faoi láthair is ea na hardaithe ar phraghas na hola. **(40 marc)**

**CEIST 13.** **OBAIR ALLAMUIGH**

Ag tagairt duit do thionscamh **AR BITH** a rinne tú san obair allamuigh don Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh an **teideal** agus na **haidhmeanna** a bhí ag an tionscnamh. **(8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas ar an **réamh-ullmhúchán** a rinne tú don tionscnamh. **(16 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar **gcur chuige a bhí agat chun na sonraí a bhailiú**. **(24 marc)**

**(iv)** Déan cur síos ar na **torthaí** a bhí ar an obair allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh **na slite inar léirigh tú** na torthaí. **(12 marc)**

**(vi)** Ar chuidigh do thionscamh d'obair allamuigh leat chun fiúntas praiticiúil na Tíreolaíochta a thuiscint? **(8 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DHOMHANDA

**Ceisteanna 14 – 18**

- **Ní mór duit tabhairt faoi Cheist Amháin sa TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH agus DHOMHANDA ach ní féidir tabhairt faoi níos mó ná Dhá Cheist.**

**CEIST 14.** **CINEÁLACHA RÉIGIÚN**

- **Réigiúin Lárnacha/Fhorbartha,**
- **Réigiúin/Fhorimeallacha/Thearcfhorbartha,**
- **Réigiúin Bhuailte/Réigiúin Acmhainní Ídithe,**

Roghnaigh **DHÁ** chineál ar bith as na trí chineál réigiún, agus i gcás **GACH ceann faoi leith**:

**(i)** Ainmnigh sampla **AMHÁIN** den dá chineál san Eoraip. **(10 marc)**

**(ii)** Tabhair míniú agus déan cur síos ar chuid de phríomhthréithe an **DÁ** réigiún a roghnaigh tú. **(70 marc)**

**CEIST 15. TÍRORTHA AGUS RÉIGIÚIN**

Éire, an Eilvéis, an Ghearmáin, an Spáinn, an Bheilg agus an Fhrainc.

Maidir le **CEANN AMHÁIN** de na tíortha thuas a bhfuil staidéar déanta agat air:

**(i)** Déan sracléarscáil den tír agus mínigh conas a dhéanfá **DHÁ RÉIGIÚN NÓ NÍOS MÓ NÁ DHÁ REIGIÚN** den tír iomlán. **(20 marc)**

**(ii)** Roghnaigh **DHÁ** réigiún díobh seo agus sa da chás, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Tíreolaíocht fhisiciúil
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **nó** Seirbhísí **(60 marc)**

**CEIST 16. TIONSCLAÍOCHT IN ÉIRINN**




Líon na n-oibrithe fostaithe i dTionsclaíocht na hÉireann ó 1987 go 1997

**(i)** Mínigh **TRÍ** chúis gur mhéadaigh líon na n-oibrithe tionsclaíocha in Éirinn an-tapa.
Déan tagairt don ghraf thuas i do fhreagra.

**(50 marc)**

**(ii)** Tá bunús na dtionscal Éireannach lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile. Luaigh **DHÁ** bhealach le tionscail a mhealladh chuig ceantair eile in Éirinn.

**(30 marc)**

**CEIST 17. RÁITIS MAIDIR LEIS AN EORAIP**

Roghnaigh **DHÁ** ráiteas ar bith díobh seo a leanas agus pléigh go mion iad:

**(i)** Tá dúshláin mhóra roimh thalmhaíocht na hÉireann san am atá le teacht. **(40 marc)**

**(ii)** Tá an Iorua ar náisiúin mhóra iascaigh na hEorpa. **(40 marc)**

**(iii)** Tá cuid mhór gnéithe san Iodáil a mheallann turasóirí. **(40 marc)**

**(iv)** Tá an Ruhr sa Ghearmáin ar phríomhréigiúin tionsclaíocha na hEorpa. **(40 marc)**

**CEIST 18.** **TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Féach ar léarscáil an domhain thuas.

**(i)** **Sa leabhar freagraí** agat, ainmnigh na nithe a bhfuil na huimhreacha 1 – 10 orthu.

Tíortha 1, 2 agus 3; Oileáin 4 agus 5; Sliabhraon 6; Príomhchathracha 7 agus 8; Ceantair farraige 9 agus 10.

**(20 marc)**

***Tabhair faoi deara go bhfuil léarscáil an domhain ar an bpáipéar scrúdaithe, seachas ar bhileog scoite.**

**(ii)** Bhí na ceantair seo sna ceannlínte nuachta domhanda le blianta beaga anuas.

- An Iúgslaiv agus a comharsana
- An Meánoirthear
- Tuaisceart Éireann

Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na ceantair thuas agus pléigh na saincheisteanna a bhaineann leis.

**(40 marc)**

**(iii)** "Mórcheist dhomhanda faoi láthair is ea aistriú na ndídeanach agus na n-iarrthoirí tearmainn thar teorainneacha".

Pléigh an ráiteas seo i gcomhthéacs réigiúin **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat air. **(20 marc)**